CONNACHT TRIBUNE
FRIDAY, JUNE 24, 2022

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# FÓGRA MAIDIR LE DRÉACHT-TREOIR ÓN AIRE MAIDIR LE HALT 31 DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ) PLEAN FORBARTHA CHONTAE NA GAILLIMHE 2022-2028

Tugtar fógra leis seo de bhun Alt 31 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), go ndearna an tAire Stáit Rialtais Áitiúil agus Pleanála, ar an 16 Meitheamh 2022, de dhroim moladh a rinne Oifig an Rialaitheora Pleanála chuige faoi Alt 31 AM(8) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), tar éis fógra a thabhairt go bhfuil sé ar intinn ag an Aire Treoir a eisiúint chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe (is é sin, an tÚdarás Pleanála do Chontae na Gaillimhe). Baineann an Dréacht-Treoir ón Aire le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028.

**Is iad seo a leanas na Cúiseanna atá luaite leis an Dréacht-Treoir:**

**I. De bhun alt 31(1)(b), alt 31(10(ba)(i) agus alt 31(1)(c)**

Áirítear i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022 -2028, mar a rinneadh é, leasuithe ábhartha ar an Dréachtphlean, nach bhfuil ag teacht leis an meastóireacht ar an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus nach bhfuil ag teacht, ina n-aonar agus go carnach, leis an gCroístraitéis, leis an mbeartas pleanála náisiúnta agus réigiúnach, agus le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, lena n-áirítear:

a. Talamh criosaithe d'fhorbairt chónaithe nach bhfuil ag teacht le Croístraitéis an Phlean Forbartha féin don Chlochán, Áth Cinn, An Cheathrú Rua agus Móta, sa Phlean glactha. Agus an Plean Forbartha á dhéanamh le criosú cónaithe os cionn an phlean a chinntear a bheith riachtanach faoin gCroístraitéis, ní thugann an tÚdarás Pleanála aird ar riachtanais alt 4.5 de *Threoirlínte an Phlean Forbartha d'Údaráis Phleanála (2007)* agus d'alt 4.4 de na *Pleananna Forbartha, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála – Dréacht le haghaidh Comhairliúcháin (2021)* lena chinntiú go bhfuil go leor talún criosaithe agus chun an iomarca talún a chriosú agus ní sholáthraíonn an tÚdarás Pleanála aon chúiseanna leordhóthanacha nó nach dtugann aon chúiseanna leordhóthanacha maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair chun a mhíniú cén fáth nár leanadh na treoirlínte;

b. Talamh atá criosaithe d'fhorbairt chónaithe atá suite in áiteanna forimeallacha lasmuigh de theorainn lonnaíochta na Príomh-Oifige staidrimh i gcás an Chlocháin, agus Áth Cinn, agus i gcás Mhóta nach bhfuil aon teorainn CSO ann, ar neamhréir leis na ceanglais maidir le dlúthfhás in NPO 3c agus RPO 3.2;

c. Talamh criosaithe le haghaidh forbartha atá suite in áiteanna neamh-sheicheamhacha agus forimeallacha ón lár agus níos faide ná tailte úrnua neamhfhorbartha sa Chlochán agus in Áth Cinn, an Cheathrú Rua, agus Uachtar Ard, nó i gcás Mhóta scoite ó aon lonnaíocht atá ann cheana, a aird a thabhairt ar an gceanglas an cur chuige seicheamhach i leith criosú a chur chun feidhme nó a ghlacadh faoi na Pleananna Forbartha, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2007) a eisíodh faoi Alt 28 den Acht ach amháin i gcúinsí eisceachtúla *(nach mór údar soiléir a bheith leo ... sa ráiteas I scríbhinn')*, agus faoi alt 6.2.3 de na *Pleananna Forbartha, Treoirlínte d'Údaráis Phleanála – Dréacht le haghaidh Comhairliúcháin (2021)* agus ní sholáthraíonn an tÚdarás Pleanála aon chúiseanna a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair chun míniú a thabhairt ar an bhfáth nár leanadh na treoirlínte;

d. Talamh atá criosaithe le haghaidh forbartha in Órán Mór atá i mbaol tuile i gceantair ar eol iad a bheith i mbaol tuile contrártha do NPO 57 agus nach dteipeann air aird a thabhairt ar threoirlínte reachtúla an Aire *An Córas Pleanála agus Treoirlínte bainistíochta riosca i gcás tuilte d'Údaráis Phleanála (2009)*, arna leasú agus sa chás go moltar sa Mheasúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte nach nglacfar leis an leasú criosaithe;

e. Talamh criosaithe le haghaidh forbartha i Maigh Cuilinn in aice le bealach seachród Mhaigh Cuilinn an N59, a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar sheachadadh an ghréasáin bóithre náisiúnta atá beartaithe sa cheantar, an bonn a bhaint d'infheistíocht an Rialtais i Scéim Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus ní thugann sé aird ar threoirlínte reachtúla an Aire *Na Treoirlínte um Pleanáil Spásúil agus Bóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála (2012)*.

Ina theannta sin, tá na leasuithe criosaithe cónaithe ar neamhréir freisin le ceanglais alt 10(2A)(d)(ii) den Acht lena gceanglaítear ar an bplean forbartha sonraí a sholáthar maidir leis an gcaoi a dtagann na tograí criosaithe maidir le tailte atá criosaithe le haghaidh cónaithe agus le haghaidh meascán d'úsáidí cónaithe agus úsáidí eile le beartas náisiúnta go ndéanfar talamh a fhorbairt ar bhonn céimnithe.

Ina theannta sin, ní áirítear sa ráiteas faoi Alt 28(1A)(b) a ghabhann leis an bPlean Forbartha mar a rinneadh faisnéis a léiríonn go bhfuil an t-údarás pleanála tagtha ar an tuairim nach féidir na beartais agus na cuspóirí atá leagtha amach ag (I), thuas, mar atá sna Treoirlínte, a chur i bhfeidhm mar atá sna Treoirlínte, mar gheall ar chineál agus ar shaintréithe an cheantair agus cúiseanna a thabhairt le teacht ar an tuairim sin contrártha d'Alt 28(1B)(b).

**II. De bhun alt 31(1)(c)**

Cuimsíonn an Plean Forbartha, mar a rinneadh é, polasaí WW9 agus tagairt don achar deighilte 100 méadar ar a laghad do gach ionad cóireála fuíolluisce nua ar an gCeathrú Rua a d'fhéadfadh dochar míréasúnta agus suntasach a dhéanamh do sheachadadh an phríomhbhonneagair agus fás inbhuanaithe pleanáilte na Ceathrún Rua thar thréimhse an phlean nach dtagann leis an gceanglas reachtúil in alt 10(1D) den Acht go bhfuil na cuspóirí forbartha sa phlean forbartha ag teacht le caomhnú agus cosaint an chomhshaoil.

**III. De bhun alt 31(1)(ba)(i)**

Áirítear sa Phlean Forbartha, mar a rinneadh é, leasuithe ábhartha chun Béal Átha na Sluaighe agus Tuaim a aithint mar shuíomhanna mí-oiriúnacha do shaoráid réigiúnach bainistíochta dramhaíola agus/nó d'ionad mol sloda nach bhfuil ag teacht le NPO 56 agus RPO 8.17 chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn chun dramhaíl a uasmhéadú mar acmhainn, agus forálacha NPO 63 agus RPO 8.12 chun a chinntiú go bhfuil bonneagar seirbhísí uisce inbhuanaithe i bhfeidhm chun freastal ar na héilimh atá ann de bharr fhás leanúnach an daonra agus de bharr an gheilleagair atá i mbéal forbartha.

**IV. De bhun alt 31(1)(c)**

Cuimsíonn an Plean Forbartha, mar a rinneadh é, beartais agus leasuithe ábhartha ar an Dréachtphlean atá ar neamhréir leis an meastóireacht ar an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta.

**V. De bhun alt 31(1)(a)(I)(II)**

Níl an Plean Forbartha déanta ar bhealach atá ag teacht le moltaí Oifig an Rialaitheora Pleanála faoi Alt 31 AM agus theip air iad a chur i bhfeidhm.

**Taispeántas Poiblí:**

Is féidir cóip de na Dréacht-Treoracha a iniúchadh ón 23 Meitheamh 2022 go dtí an 08 Iúil 2022 (an dá lá sin san áireamh) ag http://consult.galway.ie agus le linn gnáthuaireanta pleanála ag oifigí Pleanála Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

**Aighneachtaí nó Tuairimí maidir leis an Dréacht-Treoir:**

Is féidir aighneacht nó tuairimí i scríbhinn, maidir leis an Dréacht-Treoir, a dhéanamh (meán amháin) chuig an gComhairle idir an **23 Meitheamh 2022 agus 4pm an 8 Iúil 2022** mar seo a leanas:

- Ar líne trí Thairseach Comhairliúcháin Phoiblí na Comhairle: http://consult.galway.ie/; nó
- Tríd an ríomhphost chuig forwardplanning@galwaycoco.ie nó
- I scríbhinn agus é seo scríofa air: "Dréacht-Treoir do Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022-2028" An Rannóg Pleanála, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Ní mór ainm agus seoladh iomlán an duine/na ndaoine a dhéanann an aighneacht a chur san áireamh i dtuairimí nó in aighneachtaí agus, nuair is cuí, an comhlacht nó an eagraíocht a bhfuil ionadaíocht á déanamh air nó orthu. **Ní ghlacfar le tuairimí/aighneachtaí déanacha.**

Déanfaidh Oifig an Rialaitheora Pleanála gach aighneacht nó tuairim a dhéantar maidir leis an Dréacht-Treoir a chur san áireamh le linn na tréimhse seo sula ndéanfaidh sí moladh don Aire ar an ábhar.

Tabhair faoi deara le do thoil go gcuirfear tuairimí nó aighneacht ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus in oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus go mbeidh siad mar chuid de Thuarascáil reachtúil an Phríomhfheidhmeannaigh a fhoilseofar ina dhiaidh sin ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Is féidir na sonraí lena n-áirítear ainmneacha na ndaoine a dhéanann aighneacht a roinnt le Ranna ábhartha na Comhairle agus an Rialtais nó lena ngníomhairí a bhfuil baint acu leis an bpróiseas agus d'fhéadfadh siad a bheith mar chuid de thuarascálacha a bhaineann le haon Treoir a dhéanamh.

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi réir fhorálacha an Achta um Chosaint Sonraí (arna leasú) agus an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). D'fhonn cabhrú linn cloí le Cosaint Sonraí agus RGCS **cuir d'ainm agus do shonraí teagmhála san áireamh** (agus nuair is cuí, sonraí aon eagraíochta, grúpa nó cuideachta pobail etc., a ndéanann tú ionadaíocht orthu), ar **bhileog ar leith le hábhar d'aighneachta/do thuairime.** Tá an phróiseáil seo ar do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagal 6(1)(e) de na rialacháin GDPR. Tá Beartas cosanta sonraí na Comhairle ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Tabhair faoi deara, de réir Alt 19 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018, go bhfoilseofar gach aighneacht bhailí a fhaigheann an Chomhairle ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe laistigh de 10 lá oibre tar éis don Chomhairle iad a fháil. Is próiseas oscailte agus poiblí é an próiseas pleanála agus dá bhrí sin beidh d'aighneacht (cuid di nó í ar fad) ar fáil.

**Tá míle fáilte roimh chomhfhreagras agus ghnó i nGaeilge: gaeilge@cocogaillimh.ie www.gaillimh.ie**

customerservices@galwaycoco.ie www.galway.ie @GalwayCoCo

*J. Brann, Rúnaí Contae*

FOR ALL YOUR
BUSINESS & PLANNING
ADVERTISING

E-mail: sales@ctribune.ie

